## Sleamhnán 1: Réamhrá

Inniu táimid chun plé a dhéanamh ar an *Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020.* Is lán béil d'fhocal é sin, nach ea? B'fhéidir gur chuala roinnt agaibh trácht air sin cheana, agus ainm difriúil air, Dlí Coco. Is píosa reachtaíochta nua é sin agus ceapaimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh eolas agaibh ar a bhfuil ann. Agus muid ag obair le Webwise – an eagraíocht náisiúnta a cruthaíodh chun sábháilteacht ar líne a mhúineadh do dhaoine óga, chuireamar roinnt príomhfhíricí le chéile a bheidh á bplé inniu. Thugamar *Céard é Dlí Coco?* air seo*,* mar le cúnamh Dé faoi dheireadh an tseisiúin seo beidh tuiscint shoiléir ag gach duine ar an dlí seo agus an ról atá againn ar fad seasamh leis.

## Sleamhnán 2: Súil thapa siar ar bhunrialacha ranga

I ngach réimse den saol tá bealaí inghlactha ann chun duine é féin a iompar ar bhealaí a bhfuiltear ag súil leo. Ar scoil, tá an cód iompair ann a leagann rialacha na scoile amach go soiléir chomh maith leis na hiarmhairtí a bhaineann leis na rialacha a bhriseadh. Sa tsochaí, tá dlíthe ann chun muid a chosaint agus fís shoiléir a leagan amach cén chaoi ar cheart do dhuine é féin a iompar. Tá na dlíthe sin mar chosaintí ann a éascaíonn teorainneacha soiléire a chruthú idir ceart agus mícheart i sochaí.
Tá a fhios agam go bhfuil bunrialacha i bhfeidhm i do rang OSPS, nó in amanna is é conradh ranga a thugtar air seo. Éascaíonn sé seo cinntiú go bhfuil seans ag gach duine páirt a ghlacadh ann agus aireachtáil sábháilte i do thimpeallacht ranga. Le linn an tseisiúin seo tá mé ag iarraidh oraibh cuimhneamh ar an gconradh seo. Is iondúil gur gnéithe de rialacha ranga iad na pointí a rinne mé anseo. Ba mhaith linn bhur n-aird a dhíriú ar an dara ceann deireanach. An rud a roinntear sa rang, fanfaidh sé sa rang ach tá teorainneacha leis sin má tá imní ar an múinteoir nó orm féin. Tá oibleagáid ar an scoil agus ar bhaill den Gharda Síochána de réir dlí comhairle agus tacaíocht a lorg ó TUSLA an Ghníomhaireacht um leanaí agus an Teaghlach má tá imní orthu go bhfuil tú i mbaol. Tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ag gach scoil a dtugann siad tuairisc dóibh. An bhfuil a fhios agat cé hé an DIA sa scoil seo? [*Iarr ar an múinteoir é a dheimhniú ach is iondúil gurb é an príomhoide é.]*
[*Má bhriseann duine ceann de na rialacha ag pointe ar bith le linn an chuir i láthair, cuir sin in iúl dóibh go réidh ach rud éigin mar seo a leanas a rá: "fan nóiméad, sílim go bhfuil tú ag déanamh dearmad ar an gconradh ranga, cuimhnigh ar an gceann faoi…]*

## Sleamhnán 3: Comhthéacs

I mí Feabhra 2021 ritheadh an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara. Tugtar Dlí Coco air seo in amanna, ainmnithe as an mbean 21 bliain d'aois ar spreag a taithí ar chiapadh ar líne reachtóirí chun gnímh. Cuireann an **dlí seo le reachtaíocht reatha** rud a fhágann go bhfuil sé mídhleathach, íomhánna gáirsiúla, físeáin ghháirsiúla nó téacs gáirsiúil a sheoladh de dhuine faoi bhun 18 bliain d'aois, é a fháil uathu nó a roinnt de dhuine ar bith faoi bhun 18 bliain d'aois.
Cruthaíonn **Dlí Coco** dá chion nua; ciallaíonn sé seo go bhfuil sé in aghaidh an dlí íomhánna dlúthphearsanta neamhthoilteanacha a dháileadh: Rud tábhachtach, bíonn an dlí seo i bhfeidhm go fiú má thug an duine a thoiliú an pictiúr a thógáil, ach gur roinneadh é le daoine eile gan a thoiliú.

Tá tríú coir nua anois ann a cuireadh i bhfeidhm faoin Acht 2020 gur ceart a thabhairt faoi deara. Ciallaíonn Alt 4 den Acht go bhfuil an méid seo a leanas in aghaidh an dlí "**Cumarsáid bhagrach nó cumarsáid atá gáirsiúil, graosta a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh**". Clúdóidh an choir seo cásanna ina ndáileann nó ina bhfoilsíonn an té i mbun na coire bagairt nó cumarsáid gháirsiúil, ghraosta chuig an íospartach nó faoin íospartach agus gur móide é a úsáid dul i gleic le cibearbhulaíocht. Féadfaidh sé cumarsáid bhagrach nó cumarsáid gháirsiúil ghraosta aon uaire a chlúdach.

Seinn an físeán seo a leanas:
https://www.youtube.com/watch?v=I7yQcyPWu8M

*Nuair a thiocfaidh deireadh leis an bhfíseán...*
Clúdaíonn an reachtaíocht seo níos mó ná mar a thaispeántar san fhíseán agus tá súil agam faoi cheann dheireadh an tseisiúin go mbeidh príomhphointí na reachtaíochta tarraingthe amach againn, mar tá sé tábhachtach go mbeidh daoine ar an eolas faoi na pointí céanna.

Sleamhnán 4: Na meáin shóisialta agus caidrimh

*Tá príomhról ag teicneolaíocht agus ag na meáin shóisialta chun caidrimh a chruthú agus a choimeád ar siúl. I ngrúpaí de bheirt nó de thriúr, tá mé ag iarraidh oraibh an méid seo a leanas a shainaithint:*

- *dhá bhealach a n-éascaíonn na meáin shóisialta caidrimh a chruthú*
- *dhá bhealach a n-éascaíonn na meáin iad a choimeád ar siúl.*

[Tabhair 4 nóiméad do na scoláirí an méid sin a phlé agus glac leis an aiseolas. Tabhair aitheantas dá n-ionchur gan a bhfreagraí a cheartú. Tá sé sin tábhachtach mar, d'fhéadfadh sé go mbeadh taithí difriúil acu ar na meáin shóisialta ina gcuid caidrimh ná mar a bheadh agatsa. Tabharfaidh an t-aiseolas seo tuairim duit faoi cén sórt dul chun cinn atá déanta ag an rang maidir le caidrimh agus cé chomh compordach agus atá siad dul i ngleic leis an ábhar. Má tá leisce ar scoláire freagraí a thabhairt, tabhair cúpla smaoineamh dóibh...
*Ar phléigh aon ghrúpa aipeanna caidrimh? Céard faoi duine a chuardach ar líne chun a spéiseanna a fháil amach, an ndearna aon ghrúpa plé air sin? Cén tuairim a bhí agat ar théacsáil i gcomparáid le glaonna gutháin?*

Sleamhnán 5: Na meáin shóisialta agus caidrimh (ar lean)

Nuair a bheidh an rannóg seo curtha i gcrích, cliceáil chun na ceisteanna eile a chur ar an sleamhnán:

- *An bhfuil míbhuntáistí le teicneolaíocht maidir le caidrimh?*

[Ar an gcaoi chéanna, tabhair 2-3 nóiméad do na scoláirí an cheist sin a phlé agus glac leis an aiseolas. D'fhéadfadh réimse na bhfreagraí ar an gceist seo a bheith an-leathan. Rud ar bith ar nós, a bheith ar fáil i gcónaí / faiteach faoi bheith ag cailleadh amach ar rudaí / ag cur do chaidrimh i gcomparáid le caidrimh daoine cáiliúla / míthuiscint a fháil ar thon na teachtaireachta / ag feiceáil do chuid cairde ar fad i gcaidrimh agus ní tusa...srl.
Glac le haiseolas agus ná habair aon rud mar gheall air (mura mbriseann siad na rialacha ar an sleamhnán roimhe seo, agus stop iad más amhlaidh an scéal). Seo é deis don scoláire aon imní atá air a chur in iúl. Nuair a cheapann tú go bhfuil na príomhphointí ar fad clúdaithe, lean ar aghaidh ansin.]
*Tá a fhios againn cé chomh tábhachtach agus atá teicneolaíocht agus na meáin shóisialta chun daoine a choinneáil i dteagmháil. Ach faraor, in amanna cruthaíonn daoine ar na meáin shóisialta fadhbanna do dhaoine ina gcaidrimh. Ritheadh an dlí nua seo le go mbeidh sé níos éasca tuiscint shoiléir a chruthú ar theorainneacha faoi theicneolaíocht agus faoi na meáin shóisialta i gcaidrimh.*

**Sleamhnán 6: Eochairfhocail**

Úsáidfear na focail seo nuair a bheidh an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara á phlé againn. Tá sé tábhachtach go bhfuil tuiscint shoiléir againn ar a bhfuil i gceist leo. Mar sin, i mbeirteanna [iarr ar an múinteoir cuidiú leat agus cinntiú go bhfuil gach páiste i ngrúpa] déan plé ar an tuiscint atá agat ar bhrí na bhfocal seo. [D'fhéadfadh náire teacht ar roinnt daoine le linn na gníomhaíochta seo agus ní bheimid ag glacadh le haon aiseolas ar fhaitíos go bhfaigheadh an scoláire míthuiscint ar an téarma seo. Ní hí an aidhm measúnú a dhéanamh ar a dtuiscint ach deis a fháil chun aon mhíthuiscint a d'fhéadfadh a bheith acu a réiteach.]

**Sleamhnán 7-9: Béarlagair a dhéanamh níos simplí**

**[Má airíonn tú míchompordach na sainmhínithe seo a léamh amach féadann tú an sleamhnán a fhágáil ar an osteilgeoir, ach b'fhearr iad a léamh amach ionas go mbeidh an scoláire a bhfuil deacrachtaí aige ag léamh in ann na sainmhínithe a chloisteáil os ard.]**

**Céard is baill ghiniúna ann?** Na gnéasorgáin; na huiríocha, an péineas agus an phit

**Cad is brí le híomhá dhlúthphearsanta?**

(a) íomhá de bhaill ghiniúna duine, a mhása nó a limistéar anasach agus i gcás mná a cíocha, d'fhéadfadh gur chur i gcéill a bheadh ann ach an chuma a bheith ar an íomhá gurb amhlaidh gurb é atá ann,

(b) íomhá den fhobhríste ag clúdach baill ghiniúna duine, a mhása nó a limistéar anasach agus i gcás mná a cíocha,

c) íomhá ina bhfuil an duine nocht, nó

(d) íomhá ina bhfuil an duine gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach.

**Cad is gnéastéacsáil ann?** Íomhánna, físeáin agus téacsanna atá gáirsiúil a sheoladh, a fháil nó a sheoladh ar aghaidh chuig duine eile.

**Pornagrafaíocht Leanaí** (tagraítear di mar íomhánna de mhí-úsáid ghnéasach leanaí) is féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar léiriú de leanaí agus de dhaoine óga (faoin bhun 18 bliain d'aois) ar bhealach gáirsiúil in íomhánna, i bhfíseáin nó i dtéacs scríofa.

Is éard is **domhainbhrionnuithe** ann ná físeáin bréige, meaisínfhoghlaim agus babhtáil aghaidheanna. Físeáin bhréige iad **domhainbhrionnuithe** a chruthaítear le ríomhairí ina nasctar íomhánna chun físeán nua a chruthú ina dtaispeántar imeachtaí, ráitis nó gníomh nár tharla in aon chor. Bíonn na torthaí an-éifeachtach. Tá **domhainbhrionnuithe** difriúil le cineálacha eile eolais bhréagaigh mar gheall go bhfuil sé an-deacair a dhéanamh amach go bhfuil siad bréagach.

Is ionann **comhéigean** agus nuair a chuirtear ina luí ar dhuine rud a dhéanamh trí fhórsa nó bagairtí a úsáid.

**Sleamhnán 10: Roinnt príomhphointí**

- D'fhéadfadh go mbeadh duine nach bhfuil ach ag caitheamh fobhríste in íomhá a bheith ina íomhá dhlúthphearsanta dá réir. Ní gá go mbeadh an duine atá san íomhá nó san fhíseáin a bheith nocht nó a chuid éadaí a bheith bainte go hiomlán de.
- Clúdaíonn an sainmhíniú leathan ar 'fhoilsiú' dáileadh na híomhá nó an fhíseáin ar WhatsApp, ar Snapchat nó ar aon ardán meáin shóisialta ar bith.
- Tá pictiúr nó físeán de dhuine atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach san áireamh. Maidir le pictiúr nó le físeán a bhfuil gníomhaíocht ghnéasach ann d'fhéadfadh an pictiúr nó an físeán dlúthphearsanta a bheith ag léiriú duine atá gléasta go hiomlán.

• Tá pictiúr a bhfuil fóta-eagarthóireacht déanta air ná físeán "domhainbhrionnaithe" ina íomhá dhlúthphearsanta más rud é go bhfuil sé ag ligean air/uirthi féin gur pictiúr nó físeán den duine sin é. Mar sin, coir a bheidh ann faoin Acht má dhéantar fóta-eagarthóireacht ar íomhá le go léireofar aghaidh duine eile ar cholainn nocht.

Sleamhnán 11: Cásanna – Ar rinneadh coir?
Dáil fótachóipeanna d'Aguisín 4 agus iarr ar na scoláirí dul i mbeirteanna chun na cásanna a phlé. Is cuid thábhachtach den seisiún é seo, mar, nuair a thugtar deis dóibh na cásanna a phlé piocann siad amach na deacrachtaí iad féin gan tusa a bheith ag teastáil chun dul tríd na gnéithe ar fad a bhaineann leis an reachtaíocht. Is dócha go dtógfaidh sé thart ar dheich nóiméad – ná cuir aon deifir air. Téigh thart ar an seomra agus cuir ceisteanna géara más féidir leat (fad agus a comhlíonann sé rialacha sláinte agus sábháilteacht).
**Tabhair faoi deara – Tá Cásanna A feiliúnach don 3ú bliain (sleamhnáin 11-15), ba cheart go n-úsáidfí na Cásanna B (sleamhnáin 16-19) le scoláirí sa 4ú bliain agus os a cionn.**

Sleamhnáin 12-20 – Freagraí ar na cásanna
Tabhair an rang ar ais le chéile le díriú ar a bhfreagraí agus chun iad a phlé. Úsáid na sleamhnáin PP agus na freagraí ar Aguisín 5 mar chabhair. Beidh sé soiléir tar éis roinnt sleamhnán, gur coireanna ar fad iad na cásanna faoin reachtaíocht. Seans maith go dtiocfaidh ceisteanna faoi ionchúiseamh agus faoi phionós chun cinn.
Má thagann, maígh go bhfuil oibleagáid ar na Gardaí gach líomhain a fhiosrú agus a dtorthaí a chur i láthair don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá sé suas don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí má tá páiste atá faoi bhun 17 bliain d'aois le pionós a bheith gearrtha orthu faoin Acht áirithe seo.

Cásanna A – Freagraí
1. Is cion atá ann. Is féidir Alt 4 den acht a úsáid chun pionós a ghearradh ar dhuine a sheolann "féinphiceanna de dhuine nocht" gan iarraidh, chuig daoine eile. Beidh sé ina choir "féinphiceanna de dhuine nocht" a sheoladh faoi Alt 45 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017.
2. Is cion atá ann. Is íomhá gháirsiúil í de John ó tharla go bhfuil sé ina fhobhríste agus níor thoiligh Seán go nglacfaí pictiúr de. Is iad cairde John a d'fhoilsigh é ó tharla gurb iad a sheol é chuig duine éigin.
3. Is cion atá ann. Tá "pictiúir faoi sciorta duine" clúdaithe sa reachtaíocht faoi Alt 3 go gcuireann taifeadadh, dáileadh nó foilsiú, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith ann, isteach go mór ar shuaimhneas agus ar phríobháideachas an duine eile, cuireann sé fainic agus crá ar an duine, agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh dóibh.
4. Is cion atá ann faoi Alt 3 ó tharla gurb íomhá dhlúthphearsanta atá ann a tógadh gan toiliú. Is tábhachtach a bheith ar an eolas nach bhfuil sé riachtanach go ndáilfí an íomhá dhlúthphearsanta freisin chun an choir a chur i gcrích, fad agus atá an taifeadadh ann.
5. Is cion atá ann. Is leor bagairt a bheith ann le go gcuirfí forálacha an Achta i bhfeidhm, go fiú mura seoltar an íomhá chuig duine ar bith riamh. Chomh maith leis sin, go fiú mura raibh sa bhagairt ach spraoi agus nach raibh sé i gceist ag an duine a rinne an bhagairt go seolfaí an íomhá, is coir fós í.

Cásanna B – Freagraí
1. Is cion atá ann darb ainm Pornagrafaíocht Díoltais agus tá sé clúdaithe faoi Alt 2 den Acht. Is í an choir is tromchúisí í, as na coireanna nua a cuireadh i bhfeidhm faoin Acht

a bhfuil na pionóis is déine ag baint léi má chiontaítear an déantóir coire. Tá an choir seo dírithe ar dháileadh agus ar fhoilsiú, nó ar bhagairt chun íomhánna dlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú a bhfuil drochrún ann nó a bheith meargánta faoi dhéanamh an dochair.

2. Is cion atá ann ó tharla gur mionaoisigh iad an bheirt scoláirí agus tá siad ag glacadh agus ag dáileadh pornagrafaíocht leanaí.
3. Is cion atá ann. Beidh an choir déanta ag aon duine a dhéanann an méid seo a leanas ar bhealach ar bith agus é i gceist aige díobháil a dhéanamh: (i) cumarsáid bhagrach nó gháirsiúil ghraosta faoi dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó (ii) cumarsáid bhagrach nó ghránna a sheoladh chuig duine eile.
4. Is cion atá ann. Bíonn sé de rún ag duine dochar a dhéanamh nuair a chuireann sé isteach go mór ar shuaimhneas agus ar phríobháideachas duine eile nó nuair a chuireann sé fainic nó crá ar an duine eile d'aon ghnó. Clúdóidh an choir seo cásanna ina ndáileann nó ina bhfoilsíonn an té i mbun na coire bagairt nó cumarsáid gháirsiúil ghraosta chuig an íospartach nó faoin íospartach agus gur móide é a úsáid dul i gleic le cibearbhulaíocht. Féadfaidh sé cumarsáid bhagrach nó cumarsáid gháirsiúil ghraosta aon uaire a chlúdach.

Sleamhnán 21 <u>*– Súil siar ar Dhlí Coco*</u>
I mí Feabhra 2021 ritheadh an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, a dtugtar Dlí Coco air.

**An mbaineann Dlí Coco le Mionaoisigh?**
Bainfidh an tAcht seo le mionaoiseacha ar an mbealach céanna. Tá seans ann go gcuirfear na páistí a dhéanann an choir ar athstiúradh agus cuirfear pionós orthu i gcásanna ina ndiúltaítear an t-athstiúradh nó má mheastar nach bhfuil sé feiliúnach de bharr thromchúis an iompair choirigh.

**Sleamhnán 22 – Dlíthe infheidhme eile**
Cuireann dlí Coco le reachtaíocht reatha rud a fhágann go bhfuil sé mídhleathach íomhánna gáirsiúla, físeáin gháirsiúla nó téacs gáirsiúil de dhuine faoi bhun 18 bliain d'aois a sheoladh, a fháil nó a roinnt.

**Duine atá faoi bhun 18 bliain d'aois? Tá sé neamhdhleathach...**
Íomhánna gáirsiúla, físeáin gháirsiúla agus téacs gáirsiúil díot féin a sheoladh chuig duine éigin

**Cén fáth?**
Dearadh agus dáileadh Pornagrafaíocht Leanaí

**Duine atá faoi bhun 18 bliain d'aois? Tá sé neamhdhleathach...**
Íomhánna gáirsiúla, físeáin gháirsiúla agus téacs gáirsiúil de dhaoine faoi bhun 18 bliain d'aois a fháil

**Cén fáth?**
Pornagrafaíocht leanaí a bheith i seilbh duine

**Duine atá faoi bhun 18 bliain d'aois? Tá sé neamhdhleathach...**
Íomhánna gáirsiúla, físeáin gháirsiúla agus téacs gáirsiúil de dhuine faoi bhun 18 bliain d'aois a sheoladh chuig duine éigin eile

**Cén fáth?**
Pornagrafaíocht leanaí dáilte

Sleamhnán 23 – Cad ba cheart dom a dhéanamh?
Má tharlaíonn tú féin a bheith i gcás inar seoladh íomhá/físeán/téacs gáirsiúil a chuireann mí-shuaimhneas ort, d'fhéadfá a bheith náirithe agus cráite dá réir agus bíonn sé deacair fios a bheith agat céard ba cheart duit a dhéanamh.
Moltar do dhuine an méid seo a leanas a dhéanamh sa chás sin: iarr ar an seoltóir stopadh, labhair faoi le duine fásta a bhfuil muinín agat as agus déan gearán faoi leis an nGarda Síochána.
Tá sé tábhachtach nach seolann tú an íomhá sin ar aghaidh chuig aon duine eile.

**Má postáladh íomhá gháirsiúil díot gan do thoiliú, is féidir leat gearán a dhéanamh le Hotline.ie agus éascóidh sé sin fáil réidh leis na híomhánna sin. Is féidir tuairiscí a sheoladh chuig An Gharda Síochána**

Sleamhnán 24 - Cá bhfuil cúnamh ar fáil?
Cá bhfuil cúnamh ar fáil?

Má tharla tú féin a bheith in aon cheann de na cásanna a phléamar inniu – cá mbeadh cúnamh le fáil?

Tabhair seans dóibh machnamh a dhéanamh agus ansin faigh freagraí ó na scoláirí.

Sleamhnán 25 - Cá bhfuil cúnamh ar fáil?

- Tá na Gardaí anseo le teacht i gcabhair ort má theastaíonn siad uait riamh.
- Níl sé ceart go ndéantar ciaptha ar dhuine ná go gcuirtear náire orthu ar líne agus táimid ag iarraidh cinntiú nach n-airíonn duine ar bith go bhfuil sé san fhaopach.
- Is cuma cén chaoi a bhfuil tú ag aireachtáil, bíodh a fhios agat nach bhfuil tú leat féin riamh. Tá an tsochaí ag fáil tuisceana níos fearr faoi na deacrachtaí seo agus bíonn cúnamh ar fáil in áit éigin i gcónaí.
- Má postáladh íomhá gháirsiúil díot gan do thoiliú, is féidir le do thuismitheoir nó le do chaomhnóir gearán a dhéanamh le Hotline.ie agus éascóidh sé sin fáil réidh leis na híomhánna sin. Nuair a roinntear íomhánna gáirsiúla, is féidir le Hotline.ie teacht i gcabhair ar an duine a thuairiscigh é agus fáil réidh leis na híomhánna. Is féidir leo comhoibriú le Gardaí i gcásanna áirithe nuair a iarrtar orthu é.

Sleamhnán 24 – Ceisteanna.
Ba cheart go n-aireodh an scoláire compordach go leor i do theannta ag an bpointe seo chun ceisteanna a chur. Tabhair seans dóibh iad a chur anois.
Úsáid an fhaisnéis chúlra mar chuid de Thaisceadáin chun cabhrú leat.
Is féidir a rá – fanaigí soicind go ndéanaim freagra na ceiste sin a chuardach, ba mhaith liom a bheith cinnte go dtabharfainn an freagra ceart daoibh.

Aguisín 4: Cásanna samplacha

I bhur mbeirteanna nó i bhur ngrúpaí, léigh na cásanna seo a leanas agus déan cinneadh an bhfuil coir déanta nó nach bhfuil.

| | | |
|---|---|---|
| 1. Seolann col ceathrair chara Ava pictiúr dá bhaill ghiniúna. Níor iarr sí é ar aon duine agus scriosann sí é ar an bpointe boise. | 2. Bhí John ag coladh thar oíche ag teach a charad agus ghlac duine de na buachaillí pictiúr de nuair a bhí sé ina choladh gan éadach ar bith air seachas a fhobhríste agus sheol sé chuig cailín a thaitníonn le Seán. | 3. Is cailín déghnéasach í Alex. Agus í ag siúl suas staighre ar scoil ghlac duine de na scoláirí pictiúr suas a sciorta agus phostáil sé ar líne é a raibh teachtaireachtaí uafásacha ceangailte leis. |
| 4. Tá Samira ag fáil gléasta ag an linn snámha agus tugann sí faoi deara go bhfuil bean ag glacadh físeáin di ar a guthán. | 5. Is é Tomás buachaill Jack, agus pógann sé duine éigin eile agus iad ag siúl amach lena chéile. Tá Tomás trína chéile agus roinneann sé pictiúir nochta de Jack ar fhóram ar líne de bharr go bhfuil sé ag iarraidh Jack a ghortú. | 6. Tá Niamh agus James san idirbhliain agus chas siad ar a chéile agus iad ag déanamh an cheoldráma. Tá siad ag siúl amach lena chéile le míonna agus roinneann siad íomhánna gáirsiúla lena chéile ar Aip a fhaigheann réidh leis na híomhánna tar éis cúig shoicind. Níor thaispeáin siad na híomhánna do dhuine ar bith eile riamh. |
| 7. Faigheann Clodagh teachtaireachtaí ionsaitheacha gáirsiúla i gcónaí, ó uimhir anaithnid. Bhlocáil sí í agus ansin faigheann sí ríomhphoist ó bhréagchuntais. Cuireann na teachtaireachtaí imní uirthi agus níl a fhios aici cé atá á seoladh. | 8. Ní maith le Zahra agus Kate an chaoi a bhfuil Clare ina rang. Shocraigh siad bréagchuntas ar na meáin shóisialta agus postálann siad pictiúir a bhfuil fóta-eagarthóireacht déanta orthu. Ar chuid de na pictiúir léiríonn siad a haghaidh ar cholainn nocht agus tá an chuma ar chuid eile acu go bhfuil sí ag dul do | 9. Tá Dan ag úsáid an úirinéil ag club peile agus glacann a chara Peter grianghraf agus deir sé go seolfaidh sé an grianghraf ar aghaidh chuig an bhfoireann ar fad. Ní sheolann Peter an íomhá ar aghaidh riamh. |

| | | |
|---|---|---|
| | ghníomhaíochtaí míchuí le múinteoir. | |

Aguisín 5: Freagraí ar na cásanna

| | | |
|---|---|---|
| 1. Is cion atá ann. Is féidir Alt 4 den acht a úsáid chun pionós a ghearradh ar dhuine a sheolann "féinphiceanna de dhuine nocht" gan iarraidh, chuig daoine eile. Beidh sé ina choir "féinphiceanna de dhuine nocht" a sheoladh faoi Alt 45 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017. | 2. Is cion atá ann. Is íomhá gháirsiúil í de John ó tharla go bhfuil sé ina fhobhríste agus níor thoiligh Seán go nglacfaí pictiúr de. Is iad cairde John a d'fhoilsigh é ó tharla gurb iad a sheol é chuig duine éigin. | 3. Is cion atá ann. Tá "pictiúir faoi sciorta duine" clúdaithe sa reachtaíocht faoi Alt 3 go gcuireann taifeadadh, dáileadh nó foilsiú, de réir mar a d'fhéadfadh a bheith ann, isteach go mór ar shuaimhneas agus ar phríobháideachas an duine eile, cuireann sé fainic agus crá ar an duine, agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh dóibh. |
| 4. Is cion atá ann faoi Alt 3 ó tharla gurb íomhá dhlúthphearsanta atá ann a tógadh gan toiliú. Is tábhachtach a bheith ar an eolas nach bhfuil sé riachtanach go ndáilfí an íomhá dhlúthphearsanta chun an choir a chur i gcrích, fad agus atá an taifeadadh ann. | 5. Is cion atá ann darb ainm Pornagrafaíocht Díoltais agus tá sé clúdaithe faoi Alt 2 den Acht. Is í an choir is tromchúisí í, as na coireanna nua a cuireadh i bhfeidhm faoin Acht a bhfuil na pionóis is déine ag baint léi má chiontaítear an déantóir coire. Tá an choir seo dírithe ar dháileadh agus ar fhoilsiú, nó ar bhagairt chun íomhánna dlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú i gcásanna a | 6. Is cion atá ann ó tharla gur mionaoisigh iad an bheirt scoláirí agus tá siad ag glacadh agus ag dáileadh pornagrafaíocht leanaí. |

| | | |
|---|---|---|
| | bhfuil sé ar intinn ag an duine dochar a dhéanamh nó a bheith meargánta faoi cibé cén dochar a dhéantar dá réir. | |
| 7. Is cion atá ann. Beidh an choir déanta ag aon duine a dhéanann an méid seo a leanas ar bhealach ar bith agus é i gceist aige díobháil a dhéanamh: (i) cumarsáid bhagrach nó gháirsiúil ghraosta faoi dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó (ii) cumarsáid bhagrach nó ghránna a sheoladh chuig duine eile. | 8. Is cion atá ann. Bíonn sé de rún ag duine dochar a dhéanamh nuair a chuireann sé isteach go mór ar shuaimhneas agus ar phríobháideachas duine eile nó nuair a chuireann sé fainic nó crá ar an duine eile d'aon ghnó. Clúdóidh an choir seo cásanna ina ndáileann nó ina bhfoilsíonn an té i mbun na coire bagairt nó cumarsáid gháirsiúil ghraosta chuig an íospartach nó faoin íospartach agus gur móide é a úsáid dul i gleic le cibearbhulaíocht. Féadfaidh sé cumarsáid bhagrach nó cumarsáid gháirsiúil ghraosta aon uaire a chlúdach. | 9. Is cion atá ann. Is leor bagairt a bheith ann le go gcuirfí forálacha an Achta i bhfeidhm, go fiú mura seoltar an íomhá chuig duine ar bith riamh. Chomh maith leis sin, go fiú mura raibh sa bhagairt ach spraoi agus nach raibh sé i gceist ag an duine a rinne an bhagairt go seolfaí an íomhá, is coir fós í. |